**Ordú na Cúirte Ginearálta an 30 Meitheamh 2023 – Thunus agus páirtithe eile v An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)**

**(Cás T-666/20)** ([1])

***(Státseirbhís – Foireann BEI – Luach saothair – Coigeartú bliantúil ar thuarastail – Pléadáil neamhdhleathachta – Res judicata – Deimhneacht dhlíthiúil – Ionchas dlisteanach – Comhairliúchán leis an bhfoireann – Oibleagáid maidir le cúiseanna a lua – Comhréireacht – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 296/35)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Vincent Thunus (Contern, Lucsamburg) agus na cúigear iarratasóir eile a bhfuil a n-ainmneacha le feiceáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an ordú (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóirí:* An Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: T. Gilliams, A. García Sánchez agus E. Manoukian, Gníomhairí, le cúnamh ó P.E. Partsch, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE agus Airteagal 50(a) de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, iarrann na hiarratasóirí, ar an gcéad dul síos, go gcuirfear cinntí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) ar neamhní, ar cinntí iad atá ina nduillíní tuarastail do Mhí an Mhárta 2020 agus ina dhiaidh sin, lena socraítear coigeartú bliantúil an bhuntuarastail a bheidh teoranta do 0,7 % le haghaidh 2020 agus, ar an dara dul síos, cúiteamh as an damáiste ábhartha a mhaíonn siad a bhain dóibh mar thoradh ar na cinntí sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc í a bheith gan bhunús sa dlí go follasach.

2) Ordaítear do Vincent Thunus agus na hiarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha san iarscríbhinn a gcostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) a íoc.

([1]) IO C 28, 25.1.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 29 Meitheamh 2023 – Puma v EUIPO – Herno (HERZO)**

**(Cás T-719/22)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh HERZO – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh HERNO – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 296/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Puma SE (Herzogenaurach, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Schunke agus P. Trieb, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Herno SpA (Lesa, an Iodáil)

**Ábhar**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 19 Iúil 2022 ar neamhní (Cás R 297/2022-1).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc í a bheith gan bhunús sa dlí go follasach.

2) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

(1) IO C 15, 16.1.2023.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Bealtaine 2023 — Volvo Personvagnar v EUIPO (Cruth ceannsoilse)**

**(Cás T-260/23)**

(2023/C 296/37)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Volvo Personvagnar AB (Göteborg, an tSualainn) (ionadaithe: H.-A. Odh agus E. Esaiasson, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc tríthoiseach de chuid an Aontais Eorpaigh (Cruth na gceannsoilse) — Iarratas ar chlárú Uimh. 18 560 591

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc EUIPO an 9 Márta 2023 i gCás 1129/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid faoi Airteagal 72 EUTMR a chur ar neamhní agus an cinneadh a athrú chun iarratas an iarratasóra ar thrádmharc Uimh. 18 560 591 a chlárú a fhormheas;

— a ordú don chosantóir, ar bhonn Airteagal 134 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, costais an iarratasóra a íoc sna himeachtaí os comhair na Cúirte agus os comhair Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh araon;

— déileáil leis an bhfianaise seo a leanas mar fhianaise rúnda:

Iarscríbhinn A.1 — Ráiteas ón saineolaí Aina Nilsson Ström agus iarscríbhinn (CV)

Iarscríbhinn A.3 — Daingniú ar cheadúnas idir Volvo Cars agus Polestar.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---